



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024

Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

21–27 Eanáir 2024

**NAÍONÁIN SHINSEARACHA AGUS
SHÓISEARACHA/P1 AGUS P2**





An Creideamh Críostaí	Briathar Dé
<p>Rúndiamhair Dé</p> <ul style="list-style-type: none">• Beannaíonn na Críostaithe iad féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.• Is é Dia an tAthair grámhar agus an cruthaitheoir (Gein 1:26-7).• Is é Dia an mhaith (Salm 116:1).• Aithníonn agus gránn Dia muid (Salm 139).• Is é Dia mo chara. <p>Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta</p> <ul style="list-style-type: none">• Is é beatha an pharóiste ná bheith aireach, comhbhách, urnaitheach lena chéile (CCC, 2179; <i>Revised Core Syllabus for Religious Education [CSRE], 2a</i>).• Áit speisialta é an séipéal ina gcuinníonn pobal Dé lena chéile le guí a dhéanamh.• Cabhraíonn ár muintir linn a bheith cairdiúil le hÍosa.• Cabhraíonn an sagart/oide linn a bheith cairdiúil le hÍosa. (Lumen Gentium [LG], 10).	<p>An Scriptúr Naofa</p> <ul style="list-style-type: none">• Eoin 15:12-13• 1 Corantaigh 12:4-66
Liotúirge agus Guí	An Mhoráltacht Chríostaí
<p>Guí</p> <ul style="list-style-type: none">• Iarrann Dia orainn a bheith ag guí agus tugaimid freagra air (Gaudium et Spes, 18, CCC, 2567).• Éisteannt Dia i gcónaí lenár nguí• Is é an séipéal teach Dé. Cruinníonn pobal Dé lena chéile ann (CCC, 1180; LG, 6; 1 Tim 3:15).• Cruinníonn clann Dé lena chéile i séipéal an pharóiste le guí agus ceiliúradh a dhéanamh (CCC, 1069-71, 2179).• Áit naofa é an séipéal, téann daoine ann le guí agus le labhairt le Dia (CCC, 1181). <p>Guí Fhoirmiúil</p> <ul style="list-style-type: none">• Fíor na Croise• Glóir don Athair...	<p>Dínit an Duine</p> <ul style="list-style-type: none">• Tá grá ag Dia don uile dhuine againn (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10-11; CSRE, 3a).• Duine ar leith mé toisc gur chruthaigh Dia mé• (CCC, 1004; Gein 1:26-7; Salm 137:14).• Iarrtar orm Dia agus an duine eile a ghrá (Matha 22:36-40).• Is seoid é/í an uile dhuine i súile Dé (CCC, 225, 356-61, 369, 1604, 1700-1, 1944-6, 2319, 2334; CSRE, 3a).



Dé Luain: Seirbhís i measc Phobal na gCairde

Eolas don Oide

Cuirtear tús leis a taithí a bhíonn ag na páistí maidir le cad is pobal ann, sa bhaile agus ar scoil, agus an taithí a bhíonn acu ar Dhia chomh maith. Má chothaítear luachanna an tsoiscéil sa bhaile agus ar scoil, bíonn dea-shampla Íosa maidir leis an gcineáltas, an grá, an maithiúnas, an glacadh, agus an dúshlán a chuirtear romhainn sáriarracht a dhéanamh inár saol, ar fáil dóibh. Iarrtar ar lucht leanúna Íosa a bheith ceangailte leis an bpobal tríd an ghrá. Iarrann an soiscéal orainn gan a bheith leithleach, ach a bheith páirteach i ngaol a nascann le Dia agus lena chéile muid. Caithfear na tíolacthaí ar fad a bhronn Dia orainn a úsáid ar mhaithe le muintir iomlán an phobail.

Is tábhachtach an rud é go spreagfaí caidreamh maith i measc na bpaistí trí bheith ag roinnt na mbuanna atá acu lena chéile agus leis an bpobal ina maireann siad, agus is féidir tús maith a chur lena leithéid sa bhaile agus ar scoil.



Nasc le I nGrá Dé

I nGrá Dé – Naíonáin Shóisearacha/Bunscoil 1, téama 1: Mo Theaghlach

I nGrá Dé– Naíonáin Shinsearacha/Bunscoil 2, téama 2: San áit is Dual Dom

Nasc leis an scriptúr

‘Is í seo m'aithne: sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh. Níl grá ag aon duine níos mó ná seo go dtabharfaidh duine a anam ar son a chairde.

(Eoin 15:12-13)





Smaoinigh

Pobal an chairdis atá againn sa seomra ranga seo, agus bímid ag foghlaim, ag súgradh, agus ag ithe lena chéile. Ba mhaith le Dia go mbeimis cairdiúil lena chéile, agus go dtabharfaimis aire dá chéile.

Fiosraigh

Pléigh an cairdeas leis na daltaí agus cuir na ceisteanna seo orthu:

- Cad is brí le cairdeas a dhéanamh?
- Cad iad na gníomhaíochtaí a dhéanann tú le do chairde, agus a thaitníonn leat?
- Cad iad na rudaí a roinneann tusa le do chairde?
- Is é Íosa ár gcara. Cathain a bhímid ag labhairt leis?
- Ba mhaith le hÍosa go mbeimis mar chairde dílse. Conas is féidir feabhas a chur ar an gcairdeas sa seomra ranga?

Guí

Suígí i gciorcail mar ghrúpa cairde. Cuir solas i lár baill le bheith mar ionadaí d'Íosa. Is eisean a cheanglaíonn lena chéile muid mar chairde leis féin.

Gearraigí fíor na croise oraibh féin agus tosaigh leis an nguí seo.

Is é an freagra ar gach líne ná: 'Go raibh maith agat a Dhia as mo chuid cairde.'

Cairde lena chéile muid nuair a bhímid cineálta lena chéile. *Freagra.*

Cairde lena chéile muid nuair a thugaimid cabhair dá chéile. *Freagra.*

Cairde lena chéile muid nuair a bhímid ag súgradh lena chéile. *Freagra.*

Cairde lena chéile muid nuair a roinnimid lena chéile. *Freagra.*

Iarraimid ar Dhia cabhrú linn a bheith mar chairde dílse lena chéile. *Freagra.*





Dé Máirt: Seirbhís i measc Phobal na Scoile

Eolas don Oide

Bronnann Dia gach acmhainn a bheadh uainn mar phobal orainn trí na buanna, na tallanna, na scileanna a bhíonn mar thíolacthaí ag na daoine indibhidiúla sa chomhluadar. Déanann na daoine indibhidiúla freastal de réir na mbuanna a bronnadh orthu. Is duine ar leith gach duine againn agus freastalaímid ar bhealach a chabhraíonn le feabhas a chur ar phobal na scoile. Baineann uathúlacht le gach scoil agus le gach rang scoile. Is tábhachtach an rud é an t-ionchur a bhíonn ag na baill éagsúla i measc an phobail a aithint, agus buíochas a ghabháil le Dia as an uile dhuine acu.



Nasc leis an scríoptúr

‘Tá tíolacthaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin; tá feidhmeannais difriúla ann ach an t-aon Tiarna amháin; agus tá oibreacha difriúla ann ach is é an Dia céanna a bhíonn á n-oibriú go léir in gach ceann riamh acu. An léiriú a dhéantar ar an Spiorad in gach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é.’

(1 Cor 12:4-7)

Smaoinigh

Bíonn bealaí éagsúla ag daoine éagsúla a bheith ag feidhmiú ar scoil, agus tugtar pobal na scoile ar an dream sin lena chéile; an príomhoide, na hoidí, na daltaí, na glantóirí, na rúnaithe, na SNAanna, na feighlithe, na tuismitheoirí agus na daoine a thagann chun cuairte chugainn. Baineann luach leis an obair agus leis an fhreastal a dhéanann gach duine againn, agus braitheann éifeacht na scoile ar an ionchur iomlán. Is tíolacadh ó Dhia iad na daoine indibhidiúla a chomhoibríonn lena chéile lena gcuid saibhreas pearsanta a bhronnadh agus barr feabhais a chur ar obair na scoile.

Fiosraigh

Pléigh na ceistanna seo leis na páistí:

- Cé hiad na daoine a chabhraíonn linn ar scoil?
- Cén gnó atá le déanamh acu ar scoil?
- Conas mar a d’fhéadfaimis cabhrú lena gcuid oibre?

Agallamh le Ball Foirne/Oibrí Deonach


Faigh cead ó bhall foirne nó ó oibrí deonach le go gcuirfeadh an rang agallamh uirthi/air. Is féidir ceistanna mar atá thíos a chur ar an duine sin.

- Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi do chuid oibre ar scoil?
- Conas mar a dhéanann tusa iarracht an grá agus an cineáltas a roinnt ar scoil?
- Cé hiad na daoine a roinneann an cineáltas leatsa ar scoil?
- Cad iad na focail chineálta a chloiseann tú agus a thaitníonn leat? (le do thoil, maith thú, míle buíochas, brón orm! Ar mhaith leat? 7rl.)



Gníomhaíocht

Scríobh na ceannlitreacha ar mheirge: *A Dhia, Beannaigh Gach Duine A Oibríonn Sa Scoil Seo.*
Tarraing pictiúr de dhuine a oibríonn ar scoil agus cuir ar an mheirge é.



Guí

A Dhia Ghrámar,
Beannaigh an uile dhuine a bhíonn ag obair sa scoil seo.
Beannaigh ár muintir is ár gcairde.
Beannaigh na daoine sa pharóiste a bhíonn ag guí ar ár son.
Deonaigh go mbeidh ar ár gcumas grá a thabhairt dá chéile
díreach mar a ghránn tusa muidne.
Amen.





Dé Céadaoin: Seirbhís i measc an Teaghlaigh

Eolas don Oide

Is é an teaghlach aonad bunúsach na ngrúpaí pobail: an scoil, an paróiste 7rl. Bíonn tionchar go díreach agus go hindíreach ag baill an teaghlaigh ar an dearcadh a bhíonn ann i leith an tsaoil, i leith na scoile, i leith an chreidimh. Is tábhachtach an rud é smaoiniamh ar ról na mball teaghlaigh i saol na bpáistí agus i saol na scoile agus aitheantas a thabhairt dó.

Ar an lá seo tugaimid tús áite do na seantuismitheoirí agus don ról atá acu i saol an teaghlaigh agus i saol na bpáistí. Gabhaimid buíochas le Dia as tfolacadh na seantuismitheoirí agus iarraidimid beannacht Dé orthu agus ar an obair a dhéanann siad linne.



Briathra an Phápa Proinsias

Caithfear aire ar leith a thabhairt do na seantuismitheoirí agus do na páistí. Is iad na páistí agus an t-aos óg an todhchaí, an neart, na daoine a thabharfaidh ar aghaidh muid. Is iontu san a mbíonn ár ndóchas. Is iad na seantuismitheoirí cuimhne an teaghlaigh, agus na daoine a thugann an creideamh ar aghaidh dúinn

(Tionól Domhanda na dTeaghlach 2015)

Smaoinigh

Léirítear grá Dé do na páistí trí ghníomhartha na mball teaghlaigh, agus trí na seantuismitheoirí ach go háirithe.

Fiosraigh

Pléigh ról na seantuismitheoirí maidir le grá Dé agus an creideamh a bheith á roinnt leis na páistí, trí na ceistanna seo a chur:

- Cad a dhéanann na seantuismitheoirí duitse, nó in éineacht leat?
- Cad a dhéanann tusa do na seantuismitheoirí?
- Conas mar a d'fhéadfá buíochas a ghabháil leis na seantuismitheoirí as an méid a dhéanann siad?





Gníomhaíocht

Cruthaigh cárta le buíochas a ghabháil leis an seantuismitheoirí.

Míle Buíochas

Ghuigh Mé ar do Shon Inniu



Déardaoin: Seirbhís i measc an Phobail Áitiúil

Eolas don Oide

Tá géarghá le haire a thabhairt don domhan, don áit chónaithe coiteann faoi láthair. Tá scrios á dhéanamh ar domhan – na tuilte, na tinte uafásacha, fás na ngaineamhlach in áiteanna a bhí torthúil go dtí le déanaí, agus an t-ocras is an díláithriú daoine a tharlaíonn dá mbarr. Bíonn tionchar leata ag gach aon ghníomh daonna. Déan machnamh faoinár gcuid gníomhartha agus an tionchar a bhíonn acu ar acmhainn an domhain.

Is éachtach an rud é clár na Scoileanna Glasa maidir le pobal na scoileanna a chur ar an eolas faoi na bealaí inar féidir linn a bheith i gcónaí ag cur feabhas ar an dearcadh agus ar an taithí a bhíonn againn ó thaobh déileáil le hacmhainn an domhain. Caithfear tíolacadh an chruthaithe a admháil agus aire cheart a thabhairt don domhan mar chomhchruthaitheoirí in éineacht le Dia.

Briathra an Phápa Proinsias

Caitheadh go hainnis leis an domhan, tugadh drochíde dó; tá “an chruthaíocht go léir le chéile go dtí anois ag cneadach le tinneas” (Rómh 8:22). Tá dearmad déanta againn de, gur ‘de chré na talún’ muid (cf. Gein 2:7); is ar chomhdhéanamh na cré muid, cothaítear sinn as úire uiscí na cruinne, braithimid ar aer an domhain.

(*Laudato Si'*, 2)

Nasc le I nGrá Dé

I nGrá Dé– Naíonáin Shóisearacha/Bunscoil 1, téama 2 An Domhan – Cruthú
l. 58, 59, 60, 64

I nGrá Dé– Naíonáin Shinsearacha/Bunscoil 2, téama 1: An Domhan – Cruthú
l.32, 33 & 43

Smaoinigh

Conas mar is féidir leis na daltaí aire a thabhairt don domhan agus cur lena chuid áilleachta ar scoil agus sa bhaile? Cónáimid ar an domhan álainn a chruthaigh Dia dúinn mar áit chónaithe coiteann, agus bhronn sé an fhreagracht orainne aire cheart a thabhairt dó.





Fiosraigh

Iarr ar na daltaí breathnú thart agus éisteacht sa seomra ranga. Cuir na ceisteanna seo leanas orthu:

- Cad a thaitníonn leat faoin seomra ranga?
- An bhfuil tú sásta le néatacht an tseomra ranga?
- Conas mar is féidir linn feabhas a chur ar an seomra ranga?

Téigí amach i gclós na scoile agus iarr ar na daltaí breathnú thart agus éisteacht. Cuir na ceisteanna seo leanas orthu:

- Chruthaigh Dia gach atá le feiceáil agus le cloisteáil. Cad iad na rudaí le sonrú a thaitníonn libh?
- An féidir libh na héin a chloisteáil?
- Cad iad na dathanna atá le sonrú sa spéir
- An gá timpeallacht sheachtrach na scoile a ghlanadh nó a dhéanamh néata?

Gníomhaíocht

Roghnaigh agus cuir gníomh éigin i bhfeidhm inniu a chuirfidh feabhas ar an seomra ranga nó ar an timpeallacht sheachtrach.

Guí

(Glóir don Athair, ó I nGrá Dé)

Fíor na Croise

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh. (*Lámha lena chéile ag guí.*)

Mar a bhí ar dtús ... (*Cas agus sín an lámh chlé amach ar chlé*)

Mar atá fós ... (*Lámha amach os do chomhair i dtreo an talaimh.*)

Agus mar a bheidh go brách ... (*Cas agus sín an lámh dheas amach ar dheas*)

Le saol na saol. (*Ardaigh na lámha agus déan ciorcal a imlíniú leo*) Amen.

(*Lámha lena chéile ag guí.*)

Fíor na Croise





Dé hAoine: Seirbhís i measc Phobal Creidimh

Eolas don Oide

Tá an bhliain seo tiomanta do ghuí ar son daoine a bheadh sásta dul le sagartacht, nó a bheith mar bhaill d'ord rialta. Cuireann Dia glao chun na sagartachta ar fhir ionas go bhféadfaidís na sacraimintí a cheiliúradh linne. Cuireann Dia glao ar fhir agus ar mhná a bheadh mar bhráithre agus mar shiúracha ag paidreoireacht ar ár son, agus a chaitheadh an saol ag freastal ar na daoine leis na riachtanais is mó.

Iarrann Dia orainne an saol a chaitheamh ar bhealach áirithe nuair a bhronnann sé buanna ar leith orainn. Cé go dtreoraíonn sé ar an aistear beatha muid, tugtar roghanna dúinn, agus bíonn comhairle le fáil má bhíonn ár gcroí oscailte i gceart do Dhia. Cabhraíonn an ghuí linn, an chomhairle ó na daoine sin a mbíonn muinín againn iontu, an taithí éagsúil saoil a bhíonn ag daoine, agus an dea-shampla a fhaighimid ó na sagairt agus ó bhaill na n-ord rialta.

Tá deis iontach againn faoi láthair glao Dé a fhreagairt agus dul leis an ngairm bheatha is fearr a oireann don chumas atá ionainn. Cuirtear dúshlán mór romhainn na laethanta seo, tá athruithe suntasacha ag teacht ar domhan, tá deiseanna breise ann an soiscéal a roinnt leis na daoine ar mhaith leo saol fiúntach fóna a chaitheamh. Is féidir glao Dé a thabhairt faoi deara i ngnáthimeachtaí an lae, má bhíimid oscailte chuige, má dhéanaimid machnamh faoi, agus má bhíonn muinín againn as mianta ár gcroí féin.

Cuirtear glao orainn domhan bráithriúil a thógáil' – Briathra an Phápa Proinsias

Cuirtear glao indibhidiúil orainne mar Chríostaithe, agus glao comhroinnte orainn chomh maith. Bímid ar nós leacáin na mósáice. Is rud deas gach aon cheann acu, ach ní dhéantar ciall astu ach amháin nuair a chuirtear lena chéile iad. Lonraíonn gach duine againn mar réalta i súile Dé, agus muid ag lasadh na firmiminte. Ag an am céanna áfach, iarrtar orainn nascadh lena chéile i réaltbhuíonta a lasadh an bealach roimh an gcine daonna, agus roimh ár muintir féin i dtosach báire. Is é seo rúndiamhair na hEaglaise, go ndéantar éagsúlacht a cheiliúradh mar chomhartha ar an nglao a chuirtear roimh chách. Caithfidh pobal na hEaglaise siúl go dlúth lena chéile ar aistear na beatha, aontaithe in éagsúlacht chairdiúil, agus deis ann do chách ionchur pearsanta a bheith acu sa ghluaiseacht.

Nuair a bhíonn na focail 'gairm bheatha' á bplé againn, níltear ag caint faoi shlí bheatha a roghnú, nó an saol a chaitheamh ar bhealach áirithe, nó go meallfadh ministreacht áirithe, nó an saol reiligiúnach muid. An bhrí cheart a bheadh leis an téarma seo ná fíis Dé dúinn a chur i gcrích, tuairim an bhráithreachais a chothaigh Íosa nuair a ghuigh sé chun Dé "go mba aon iad go léir" (Eoin 17:21). Cuireann gach aon ghlaó chun na hEaglaise, agus an glao chun freastail sa tsochaí, leis an sprioc comónta a bheadh ann i measc phobal an domhain, ceiliúradh cairdiúil a dhéanamh ar na tíolachtaí éagsúla inár measc, ceiliúradh nach féidir a dhéanamh ach amháin faoi choimirce an Spioraid Naoimh. Bímis ag comhoibriú lena chéile ar an aistear: na sagairt, baill na n-ord beannaithe, tuataí na hEaglaise, agus muid ag gníomhú mar fhinnéithe ar fhirinne an scéil é, nach Útóipe do-aimsithe í an fhíis faoin saol a bheith aontaithe lena chéile mar chlann ghrámhar Dé.

'Guímis lena chéile, a dheirfiúracha agus a dheartháireacha, go ndéanfaidh Pobal Dé freagairt chuí a thabhairt ar ghlaó Dé ar bhealach a réitíonn le héiteas stairiúil na hEaglaise. Lorgámis grásta an Spioraid Naoimh anuas orainn ionas gur féidir le cách áit oiriúnach a aimsiú dúinn féin agus ár ndícheall a dhéanamh le plean Dé a chur i bhfeidhm!'

(Teachtaireacht do Lá Domhanda na Guí ar son na Gairme Crábhaidh 2022))



Smaoinigh

Cad is sagart ann, agus cad a dhéanann an sagart?

Fiosraigh

Tabhair cuireadh isteach sa seomra ranga do shagart, nó buail leis sa séipéal. Ullmhaigh ceisteanna a chuirfeadh na páistí air, agus bídís ar eolas ag an sagart roimh ré. Bheadh ceisteanna dá leithéidí úsáideach:

- Cad is ainm duit?
- Cén áit ina bhfuil cónaí ort?
- An bhfuil clann ort?
- Cén fáth gur sagart tú?
- Cad a dhéanann tú?
- Cad é an rud is fearr leat faoin tsagartacht?
- Cathain a dhéanann tú guí chun Dé?
- An mbíonn Dia ag caint leatsa?
- An féidir linne rud ar bith a dhéanamh a chabhródh le do shagartacht?

Gníomhaíocht

Déan cárta buíochais le bronnadh ar an sagart i ndiaidh na cuairte.

Guí

Fíor na Croise

Gabhaimid buíochas leat a Dia, as an Athair. |
Iarraimid ort aire a thabhairt dó agus é a bheannú,
de réir mar a thaispeánann sé an bealach
le maireachtáil ar nós Íosa dúinn.
Amen.

Fíor na Croise